Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Márta 2021
(OR. en)

6661/21

MI 125
ENT 32
CONSOM 49
SAN 100
ECO 29

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 5636/21 - D071420 |
| Ábhar: | Treoir (AE) .../… ón gCoimisiún an XXX lena leasaítear Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le teorainnluachanna sonracha le haghaidh anailín i mbréagáin áirithe<br>– Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha |

1. An 25 Eanáir 2021, chuir an Coimisiún an dréacht-treoir thuasluaite faoi bhráid na Comhairle, lena leasaítear Treoir (CE) Uimh. 48/2009[1]. I gcomhréir le hAirteagail 46(2) agus 47(2), féadfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, teorainnluachanna sonracha a ghlacadh le haghaidh ceimiceáin a úsáidtear i mbréagáin atá beartaithe do leanaí faoi bhun 36 mhí nó i mbréagáin eile a chuirtear sa bhéal.

[1] Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1);

2. Faoin nós imeachta in Airteagail 5 agus 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[2], cuirtear na dréachtbhearta sin, sula nglacfaidh an Coimisiún iad go foirmiúil, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngrinnscrúdú. De bhun an nós imeachta grinnscrúdaithe, más rud é nach gcuireann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle i gcoinne na mbeart atá beartaithe ag an gCoimisiún, glacfaidh an Coimisiún an dréacht-treoir.

3. Tá an dréacht-treoir thuas i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a vótáil i bhfabhar na ndréachtbheart an 16 Nollaig 2020.

4. An 25 Eanáir 2021, iarradh ar na toscaireachtaí a léiriú faoin 26 Feabhra 2021 dá mbeadh sé i gceist acu cur i gcoinne na dréacht-treorach. Níor tharraing na toscaireachtaí aon fhorais anuas le cur ina coinne.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhaingniú nach bhfuiltear ag cur i gcoinne na dréacht-treorach, mar a leagtar amach in 5636/21 é, mar mhír gan phlé a bheidh ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

2 Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta i gcomhair fheidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23). Is é leagan an 23 Iúil 2006 an leagan comhdhlúite reatha.